Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2014

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

## TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

## PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)

Foinsí a lua = 6 mharc          Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc    Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

| | | |
|---|---|---|
| (a) | Tríú grád (Traein AMHÁIN = 4M) | 8M |
| (b) | Hans Place (Londain AMHÁIN = 4M) | 8M |
| (c) | Rugaí ón Oirthear (Rugaí AMHÁIN = 4M) | 8M |
| (d) | B'fhearr leo pleidhcíocht (ná foirmiúlacht) | 8M |
| (e) | Rúnaí | 8M |
| | | Uasmhéid = 40M |

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Bhí béile i gceist leis an ócáid i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B araon = 2M

Sonraítear i nDoiciméad A gur "cuireadh lón fíorbhlasta ar fáil". = 4M

Sonraítear in nDoiciméad B "nuair a bhí an féasta faoi lán seoil" NÓ go raibh "na horáistí táinséirín agus na húlla agus na cnónna" ar an mbord. = 4M

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 4M + 4M		Uasmhéid = 10M

(b) Tharla an turas a luaitear i nDoiciméad A roimh an tsiamsaíocht a luaitear i nDoiciméad B = 2M

I nDoiciméad A, déantar cur síos ar chuid den turas go Londain (an traein ó Holyhead) a rinne toscaireacht na hÉireann don idirbheartaíocht faoin gConradh. I nDoiciméad B, déantar cur síos ar eachtra a tharla (ag siamsaíocht tráthnóna) ag Hans Place i Londain, le linn na hidirbheartaíochta faoin gConradh.

Luíonn sé le réasún gur tharla a dturas go Londain sula bhféadfaidís a bheith i láthair ag eachtra i Londain!

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Ní mór an dá dhoiciméad a lua.

Pointe amháin ón dá dhoiciméad = 4M + 4M		Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Is eol dúinn gur "thraein speisialta" a bhí ann mar go gcuireann an t-údar é sin in iúl dúinn – faoi dhó! Luann sí gur thraein a bhí ann "mar a bheadh in áirithe do rítheaghlach". Déanann sí trácht ar a bheith "ag taisteal faoi shó i gcarráiste fairsing" ina raibh maisiúchán, troscán agus cairpéid áille.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Dhá phointe chun tacú leis an bhfreagra = 5M + 5M		Uasmhéid = 10M

(b) Ar láimh amháin, ba dhuine "pléascánta" é Ó Coileán, mar a bhí le feiceáil sa "phleidhcíocht" a bhí ar siúl agus an bia agus na cúisíní á gcaitheamh. Ar an láimh eile, ba dhuine cráifeach é mar atá le tuiscint óna fhreastal ar an Aifreann gach lá.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

Dhá phointe chun tacú leis an bhfreagra = 5M + 5M		Uasmhéid = 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc as gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc as Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Bhuntábhachta don Uasmhéid 20 marc.

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar Thopaic **amháin** i Roinn 2 agus ar **dhá** Thopaic i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann amháin de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann amháin de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

### *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

Freagair ceisteanna ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Coill Mhic Thomáisín | (6) |
| A2. | Tháinig siad chun bualadh leis agus craobhacha glasa acu agus iad ag béicíl / Cuireadh fáilte ollmhór roimhe | (6) |
| A3. | Ó fhuinneog an ósta | (6) |
| A4. | Ba le muintir Beresford an baile / Ba iad na tiarnaí talún iad | (6) |
| A5. | Fuascailt na gCaitliceach | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Freastalaithe siopa | (6) |
| A2. | Bhí a gceanncheathrú lonnaithe ina theach tábhairne / Bhí sé ar dhuine de na himreoirí ba mhó a bhí acu | (6) |
| A3. | Éadaitheoirí/ Ceird na n-éadaitheoirí | (6) |
| A4. | Siopaí éadaí (3M) ar Shráid Anraí (3M) | (6) |
| A5. | Píosa fianaise bailí AMHÁIN ar ról Uí Chíosóg sa CLG. | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A1. De bhrí go raibh Learpholl réasúnta gar d'Éirinn/ Príomhchalafort an imeachta a bhí ann (6)
A2. 300,000 (6)
A3. Níos lú ná a leath (Leath AMHÁIN = 3M) (6)
A4. Corcaigh (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A1. Ní raibh bagún ná uibheacha sna siopaí / Ní raibh leictreachas ar bith ann chun deoch the a ullmhú (6)
A2. Ní raibh bus ar bith ann (6)
A3. Níorbh fhéidir litir a phostáil (Ní raibh bus ar bith ann = 0M) (6)
A4. Rinne siad iarracht a gcarranna a rith ar chaolaitheoirí péinte (6)
A5. D'éirigh Faulkner as oifig (mar Phríomh-Aire) (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*
**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A1. Éifeachtúil / Oibríonn go crua / Éirimiúil / Glic DHÁ CHEANN @ 3M an ceann (6)
A2. Éirimiúil agus glic / Éifeachtúil agus oibríonn sé go crua / pearsantacht tharraingteach agus bealach cairdiúil DHÁ CHEANN @ 3M an ceann (6)
A3. Chun rudaí a chur i gcrích / Pragmatachas / Slí chun cuspóir a bhaint amach (6)
A4. Mar is cearrbhach é (6)
A5. Pointe bailí AMHÁIN maidir le Lemass agus an caidreamh le Tuaisceart Éireann (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## ***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ceisteanna ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Arrondissements | (6) |
| A2. | Scriosadh / glanadh ceantar an tseanbhaile | (6) |
| A3. | Fiche | (6) |
| A4. | (Eugene) Belgrand | (6) |
| A5. | Foirgneamh AMHÁIN a tógadh mar chuid de phlean Haussmann | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An Rialtas / an Aireacht Muinisean = 3M 1918 = 3M | (6) |
| A2. | Breis eitleán | (6) |
| A3. | Mná | (6) |
| A4. | Oiliúint / Liúntas Cothabhála / Pá bónais DHÁ CHEANN @ 3M an ceann | (6) |
| A5. | Níor choinnigh (3M) Aon chúis bhailí AMHÁIN (3M) | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | 1929 | (6) |
| A2. | Faoi éide | (6) |
| A3. | Léinte dubha / Bróga míleata | (6) |
| A4. | Sa chéad charr | (6) |
| A5. | Cliseadh Wall Street / an Spealadh Mór / Cliseadh infheistíocht SAM san atógáil Eorpach | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A1. (Anthony) Eden (6)

A2. Ar an gcoinníoll go mbuailfeadh sí leo agus iad gléasta ina gcultacha gnó (3M)
Ar an gcoinníoll nach mbeadh orthu gléasadh suas (i gcótaí eireaballacha agus hataí arda) (3M) (6)

A3. Thug sí cuireadh dóibh tae a ól léi / Thug sí ar thuras timpeall an pháláis iad Ceann AMHÁIN ar bith (6)

A4. Bhí an Tu-104 ar cheann de na chéad scairdeitleáin do phaisinéirí ar domhan
(Eitleán AMHÁIN = 3M) (6)

A5. Aon phointe bailí AMHÁIN chun dí-Stailíniú a mhíniú (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A1. Lonnaitheoirí Francacha (6)

A2. Ben Bella (6)

A3. Mar go gcuirfeadh sé fearg ar an milliún lonnaitheoir Francach (*colon*) san Ailgéir (agus ar a lucht tacaíochta sa Fhrainc) (6)

A4. Nach bhféadfaí bua míleata a bhaint amach (6)

A5. An Ind-Sín / Vítneam (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A1. Comhairle faoin gcaoi le teacht slán ó ionsaí diúracán (6)

A2. Níor thóg (3M) Míniú bailí AMHÁIN (3M) (6)

A3. Buidéil uisce (3M) agus bia stánaithe (3M) (6)

A4. Bás a hathar / Caint faoi thinneas radaíochta / Mothúchán go raibh an anachain ag bagairt / Imní maidir le hionsaithe diúracán
DHÁ CHEANN @ 3M an ceann (6)

A5. Aon phointe bailí AMHÁIN faoin gcaoi ar tháinig deireadh le Géarchéim na nDiúracán i gCúba (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2014

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

***AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)***
***(100 marc)***

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí.*

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.

Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

***ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)***
***(100 marc)***

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Meiler Magrath 5M

(b) Séan Ó Néill 5M

(c) Fuair sé cóipeanna de na litreacha coigistithe ón bPápa (inar deimhníodh ceapachán Richard Creagh mar Ardeaspag Ard Mhacha) 10M

(d) Is duine oiriúnach é le filleadh ar an ríocht sin (Éire) chun é a cheapadh chuig ministreacht éigin
10M

(e) Roinnt de na hEaspaig nó daoine léannta eile a cheapadh le labhairt le Magrath agus go mbeadh níos mó fabhair le fáil aige as ucht a oiriúnaithe
10M
Uasmhéid = 40M

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Tá doiciméid A agus B ar aon fhocal go bhfuil Meiler Magrath oiriúnach le bheith ina eaglaiseach.

Luaitear i ndoicimÉad A gur ceapadh go raibh sé oiriúnach le ceapadh mar easpag mar gheall ar a shuáilcí. Is fear é le fuinneamh agus le díograis an-mhór, a léiríonn cúram agus dúthracht. Creideann an scríbhneoir go mbeidh sé an-tairbheach don Ard-Easpag Creagh in Ard Mhacha.

Sonraítear i ndoiciméad B go gceapann Easpag Londan go bhfuil Magrath oiriúnach do cheapachán na heaglaise. Aontaíonn scríbhneoir na litreach, an Bhanríon Éilise í féin, leis. Deir sí go ngeofar amach go bhfuil sé ceart agus fóinteach don eaglais in Éirinn. Toisc gur thug sé droim láimhe don Róimh, b'fhéidir go ndéanfadh daoine eile an rud céanna.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc  Go han-mhaith = 4 mharc  Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc  Go lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 5M + 5M  Uasmhéid = 10M

(b) Is mó moladh a thugtar do Meiler Magrath i ndoiciméad A.

Cuirtear béim i ndoiciméad A ar cháilíochtaí maithe Magrath. Rinne sé sáriarrachtaí cóipeanna de na litreacha coigistithe ón bPápa a fháil agus d'éirigh leis cé gur theip ar phrócadóir ord na nÍosánach sa Róimh. Chuaigh sé sin i bhfeidhm go mór ar an scríbhneoir, arbh Íosánach é féin a bhí lonnaithe sa Róimh. Cuirtear síos ar Magrath mar fhear 'le fuinneamh agus le díograis an-mhór', agus go léirítear a 'chúram agus a dhúthracht' ina obair.

Ní thugtar moladh ar bith i ndoiciméad B do Magrath as cáilíochtaí faoi leith ar bith. Admhaíonn an Bhanríon gur thug sé droim láimhe don Róimh agus go measann Easpag Londan go bhfuil sé oiriúnach do cheapachán eaglaise in Éirinn. Deir sí go mbeidh sé 'ceart agus fóinteach' mar Easpag Éireannach, ach ní fhéadfá cur síos air mar theistiméireacht thar a bheith moltach.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc  Go han-mhaith = 4 mharc  Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc  Go lag = 0-1 mharc

Freagra a luann an dá dhoiciméid = 5M + 5M  Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Insítear dúinn i ndoiciméad A gur chuir Magrath ina luí ar an bPápa trína 'sháriarrachtaí' cóipeanna úra a thabhairt dó de na litreacha ina gceapadh Creagh mar Ardeaspag ar Ard Mhacha. Chuaigh an t-éacht seo i bhfeidhm go mór ar an scríbhneoir, a ndéantar cur síos air mar Íosánach tábhachtach a raibh tionchar aige sa Róimh. Chomh maith leis sin, ní cheapfaí Magrath mar Easpag Caitliceach an Dúin agus Chonaire murar raibh tacaíocht aige ón bPápa.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*

Sármhaith = 9-10 marc   Go han-mhaith = 7-8 marc   Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc   Go lag = 0-2 mharc

Uasmhéid = 10M

(b) Tá a fhios againn go gcaithfidh sé gur chuir sé ina luí ar dhaoine go raibh sé dílis don Bhanríon toisc gurbh í an Bhanríon í féin a scríobh an litir seo agus is léir ón litir go nglacann sí leis anois. Luann sí a dhílseacht roimhe seo don Phápa ag tús na litreach, ach anois agus é molta ag Easpag Londan agus ag daoine eile, iarrann sí ar Sidney socruithe a dhéanamh dá fhilleadh ar Éirinn. Creideann sí go ngeofar amach go bhfuil sé 'ceart agus fóinteach' don eaglais in Éirinn agus tá súil aici go mbeidh sé ina shampla maith do dhaoine eile agus go bhfágfaidh siad an Eaglais Chaitliceach in Éirinn.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc   Go han-mhaith = 7-8 marc   Go maith = 5-6 mharc
Réasúnta = 3-4 mharc   Go lag = 0-2 mharc

Bítear ag súil le forluí le heilimintí den fhreagra ar cheist 2 agus glactar leis.

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh maidir le ceithre Ráiteas Bhuntábhachta don Uasmhéid 20 marc.

***ROINN 2: ÉIRE (100 marc)***
***agus***
***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar Thopaic **amháin** i Roinn 2 agus ar **dhá** Thopaic i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go dona:*** 0-2 mharc
Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a

bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

## *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

### *ROINN 2: ÉIRE (100 marc)*

<u>Freagair ceisteanna ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Reginald Pole | (6) |
| A2. | Tripilí | (6) |
| A3. | Ridireacht | (6) |
| A4. | Banríon a dhéanamh de Mary Tudor (3M) agus Ard-Easpag Canterbury agus Cairdinéal Leagáide a dhéanamh de Reginald Pole (3M) | (6) |
| A5. | Aon DÁ aidhm bhailí a bhí ag Conradh na nGearaltach (3M x 2) | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**Ríocht nó coilíneacht - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Síoda (bandaí hata, lása agus pointí) | (6) |
| A2. | thóg fir óga as Cúige Mumhan amach morgáistí chun stocaí síoda a cheannach NÓ choinnigh siad stocaí síoda faoi ghlas iarainn ar fhaitíos go ngoidfí iad | (6) |
| A3. | Cóitín dearg síoda (3M) le húsáid mar antependium (3M) | (6) |
| A4. | Éadaí síoda NÓ veilbhit | (6) |
| A5. | Aon tráchtearra trádáilte AMHÁIN | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Chuig na sléibhte | (6) |
| A2. | I mbotháin bheaga | (6) |
| A3. | Ró-chreagach / Ró-chlochach / Ithir dhomhain gann | (6) |
| A4. | Arbhar | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN go raibh cúinsí difriúla i measc na dtuathánach | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**Coilíneacht nó ríocht –**

**teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

A1. An séú cuid (6)
A2. Nantes, Bordeaux, Liospóin, Cadiz Aon TRÍ cinn ar bith @ 2M an ceann (6)
A3. Liospóin (6)
A4. Cadiz (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN le fás na trádála soláthairtí (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

A1. Fir uaisle le leathchos sa diallait (2M) Fir uaisle e ó bhun go barr (2M) Fir uaisle go smior (2M) (6)
A2. 200 acra (6)
A3. Bríste craiceann fia (3) agus buataisí (3M) (6)
A4. An slua a choinneáil siar (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN leis an míshásamh faoin tuath (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (200 marc)***

Ceisteanna ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

A1. Francesco del Giocondo (6)
A2. I seilbh Rí Proinsias na Fraince / Ag Fontainebleau (6)
A3. Péinteáilte go galánta (3) Polláirí rósacha fíneálta (3M) (6)
A4. Chun siamsaíocht a dhéanamh dá ábhar (6)
A5. Athnuachan nó athbhreith (3M) na healaíne agus na litríochta (3M) (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

### *An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567-1609

A1. (An tAthair Matteo) Ricci (6)
A2. Tíreolaíocht (3M) agus Réalteolaíocht (3M) (6)
A3. Cuireadh alltacht orthu / Bhí sé thar aon rud a shamhlaigh siad riamh / D'admhaigh siad go raibh siad ceanndána agus mórtasach de bharr a gcuid aineolais / Bhí a súile á n-oscailt (6)
A4. Tuairimí agus Abairtí (6)
A5. Pointe bailí AMHÁIN mar thomhas ar rath an mhisin (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

### *An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

A1. A éadulaingt chúng (6)
A2. 'Ní ghlacaim a thuilleadh leis an gcreideamh lenar tógadh mé' / Go raibh a creideamh caillte aici (6)
A3. A chuid Caitliceachais (6)
A4. An drochaimsir (6)
A5. Aon phointe bailí AMHÁIN faoi chumhacht na Sualainne a bhí ag teacht chun cinn (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

### *An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

A1. Tháinig sé ort (an Rúis) agus tú ar bheagán nirt agus d'fhág sé chomh láidir le carraig thú (6)
A2. Tógáil long (6)
A3. Is iad a chuid dlíthe an slabhra dobhriste chuireann an choireacht faoi chois (6)
A4. Aicmí agus teidil / Dlíthe sibhialta / Rialacháin nua shóisialta / Gnásanna agus rialacha nua Aon DÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)
A5. Aon chúis bhailí AMHÁIN (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | An bholgach | (6) |
| A2. | Nódú / Ionaclú | (6) |
| A3. | Seanmhná (3M) I mí Mheán Fómhair (3M) | (6) |
| A4. | Osclaítear féith le snáthaid mhór (3M) Cuirtear isteach ceann bioráin d'ábhar bolgaí (3M) | (6) |
| A5. | Aon chúis bhailí AMHÁIN leis an oiread galair a bhí ann | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | I gcarráiste | (6) |
| A2. | É a cheangal | (6) |
| A3. | An-gharbh / Deacair siúl air | (6) |
| A4. | 'Maithiúnas' | (6) |
| A5. | Cúis bhailí AMHÁIN le Réabhlóid na Fraince | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán

Leathanach Bán